CEOL AN AIFRINN

Séasúr na Cásca

IOMANN IONTRÁLA

Moradh Duit a Rí na Cruinne

Moradh duit a Rí na cruinne,
Maidin Domhnaigh in-ár ndáil;
Móradh duit a Dhia's a dhuine,
Moladh' s glóire duit go brách.

Moladh' s glóire, moladh' s glóire
Moladh' s buíochas duit is grá;
Moladh' s glóire, moladh' s glóire,
'S moladh ó shlóite cheithre ard.

Alleluia: Seinn Aillelú

IOMANN NA hOFRÁLA

An tAiséirí

Sé Íosa an Fíréan a shaoraigh ár n-anam
Sé rinne muid a cheannacht ón ndaoirse
Is d'fhulaing sé páis agus bás ar an chroic
Mar gheall ar na peacaí a dhéan'mid.

Agus aililiú lá, aililiú ló, aililiú ló-óóóó
Má mhaslaítear an cholainn,
ní baolach don anam
Ach ná séanaigí m'ainm'se choíche

A Íosa Bháin

A Íosa Bháin, id' láthair gheod,
Ag caoi do bháis san ard-chrois mhór.
Ó aois go bás ag tál na ndeor,
'S ag maíomh mo ghrá don Slánaitheoir.
Ó a Shlánaitheoir.
Ó a Shlánaitheoir.

Mo dhíon, mo ghrá, mo scáth, mo threoir,
An íobairt ard, ofráil mo stóir.
An fhíonfhuil naofa buan' s an fheoil:
Sin maoin im láimh óm Shlánaitheoir.
Ó a Shlánaitheoir.
Ó a Shlánaitheoir.

IOMANN NA COMAOINE

A Íosa Mhilis

A Íosa mhilis,
Ní suíochán duit mo theanga,
Ní lóistín duit mo chroí.
Ach bronn orm do bheannaíocht,
Is go bhfana sí agam choích'.

Céad Moladh Le Muire Bheannaithe

Céad moladh le Muire Bheannaithe,
Tá sna flaithis os cionn na naomh,
Céad moladh leatsa 'bhanaltra
An Mhic sin d'fhulaing pian;
De ghnáth i ndéanamh caradais,
A chaith tú ar fad do shaoil.
A Mhaighdean ghlégeal gheanúil,
Dár n-anamacha guighse féin.

IOMANN AN DEIRIDH

Can Allilúia

Curfá:
Can, can, can allilúia,
Seo é an lá ' thug an Tiarna dúinn
Seinn, seinn, seinn Aliliúia,
Seo é an lá 'thug an Tiarna dúinn. **Curfá:**

Véarsa 1
Bíodh orainn gliondar is áthas,
Seo é an lá 'thug an Tiarna dúinn.
Bíodh orainn gliondar croí,
Seo é an lá. **Cúrfá:**

Véarsa 2
Seinn ceol ag moladh an Tiarna
Seo é an lá 'thug an Tiarna dúinn
Casaigí amhráin is ceol
Seo é an lá. **Curfá:**

Ceol Hosanna don Rí

Tabhair dom **áthas** i mo chroí agus **moladh**
Tabhair dom áthas i mo chroí a Dhia.
Tabhair dom áthas i mo chroí agus moladh;
Agus molaim thú go deo na ndeor.

Curfá
Ceol Hosanna! Ceol Hosanna! Ceol Hosanna don Rí na rí!
Ceol Hosanna! Ceol Hosanna! Ceol Hosanna don Rí.

Tabhair dom **síocháin** i mo chroí agus **foscadh**,
Tabhair dom síocháin i mo chroí a Dhia.
Tabhair dom síocháin i mo chroí agus foscadh,
Agus umhlaim romhat go deo na ndeor. **Curfá:**

Tabhair dom **grá** i mo chroí agus **seirbhís**,
Tabhair dom grá i mo chroí a Dhia.
Tabhair dom grá i mo chroí agus seirbhís,
Agus gráim thú go deo na ndeor. **Curfá:**

Mí Aibreáin 2023
Máiréad Ní Phleamonn